

Galar na Scamhóg

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thástáil eitinne san Iarthar.

(a) Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. precautionary tests: _____
2. the HSE has confirmed: _____
3. for a few more days: _____
4. population: _____
5. Director of Community Health: _____
6. this is not a special case: _____
7. medical treatment: _____
8. were invited: _____
9. I'm not afraid: _____
10. do damage: _____

(b) Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cá háit a bhfuil na tástálacha réamhchúraim ar siúl agus cén fáth?
2. Cé atá ag déanamh na dtástálacha agus cén fhad a mhairfidh an próiseas?
3. Cé mhéad duine atá ina chónaí ar an oileán?
4. Cad a bhí le rá ag an Dochtúir O' Donovan?
5. Reáchtálfar cruinniú ar an oileán – Cé dó? Cén fáth? Cén áit? Cén t-am?
6. Cén fáth a bhfuil imní ar mhuintir an oileáin?

Ceist 3 ‘...eitinn....’

Is minic a bhíonn téarmaí leighis ar ghalair agus ainmneacha eile sa chaint ar na galair chéanna. An féidir leat na téarmaí ar chlé a cheangal leis na focail sa ghnáthchaint:

Eitinn	Galar na n-alt
Airtríteas	An galar buí
Cóma	Codladh an bháis
Asma	Taom croí
Ionfharchtadh miócairdiach	Galar na scamhóg
Buíochán	Plúchadh

Ceist 4. ‘...níl faitíos **orm**...’

- (a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló dubh thuas?
- (b) Líon na bearnaí sa bhosca leis na foirmneacha cearta de na forainmneacha réamhfhoclaacha.

Forainm							
	Ag	Ar	De	Do	Faoi	Ó	Le
Mé	<i>Agam</i>						
Tú	<i>Agat</i>						
Sé	<i>Aige</i>						
Sí	<i>Aici</i>						
Muid	<i>Againn</i>						
Sibh	<i>Agaibh</i>						
Siad	<i>Acu</i>						

(c) Roghnaigh an forainm réamhfhoclach ceart le cur sna bearnaí sna habairtí thíos:

Bain _____ do chóta!
 Cad is ainm _____?
 Bíonn eagla _____ i gcónaí.
 Ná bí ag magadh _____.
 Thaitin an scéal _____.
 D'éirigh go maith _____ sna scrúduithe.
 Theip _____ sa scrúdú tiomána.
 Tá trua agam _____.
 Chuir siad _____ san áit sin.
 Bhuail sé _____ ag an siopa.

Ceist 5 '...an-chiúin...'

- A. Cén fáth a bhfuil an fleiscín tábhachtach sa sampla thuas?
 B. Cuir an- roimh na focail seo a leanas:

sásta, oiriúnach, tábhachtach, beag, deacair

- C. Go minic sa chaint chloisfeá 'ana-chiúin' nó 'iontach ciúin'. Cén chanúint lena mbaineann na samplaí sin?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil aithne agat ar aon duine a raibh / a bhfuil eitinn air?
- An raibh deilgneach (*chicken pox*) ort féin riamh? Conas mar a bhí sé?
- An mbíonn an fliú nó slaghdán ort go minic? Uair amháin sa bhliain nó níos mó? Cad iad na comharthaí tinnis (symptoms) a bhaineann leo?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|----------------------------------|--|
| 1. precautionary tests: | <i>tástálacha réamhchúraim</i> |
| 2. the HSE has confirmed: | <i>tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</i> |
| 3. for a few more days: | <i>go ceann roinnt laethanta eile</i> |
| 4. population: | <i>daonra</i> |
| 5. Director of Community Health: | <i>Stiúrthóir Sláinte Pobail</i> |
| 6. this is not a special case: | <i>nach cás ar leith é seo</i> |
| 7. medical treatment: | <i>cóir leighis</i> |
| 8. were invited: | <i>tugadh cuireadh</i> |
| 9. I'm not afraid: | <i>níl faitíos orm</i> |
| 10. do damage: | <i>dochar a dhéanamh</i> |

Ceist 2

- (1) Tá siad ar siúl ar Inis Oírr mar deirtear gur thángthas ar eitinn ar an oileán.
- (2) Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ag déanamh na dtástálacha agus mairfidh sé go ceann cúpla lá eile.
- (3) Dhá chéad caoga de dhaonra.
- (4) Dúirt sé go ndéantar na tástálacha seo go rialta ar fud na tíre agus go ndéantar iad le fáil amach ar cheart cóir leighis a thabhairt do dhaoine ar mhaithe lena sláinte féin agus chun sláinte daoine eile a chosaint.
- (5) Reáchtálfar an cruinniú do mhuintir Inis Oírr le heolas a sholáthar faoin phróiseas sa halla pobail ag a hocht a chlog.
- (6) Ceapann siad go ndéanfaidh an drochscéal sa nuacht dochar don turasóireacht.

Ceist 3

Eitinn	Galar na scamhóg
Airtríteas	Galar na n-alt
Cóma	Codladh an bháis
Asma	Plúchadh
Ionfharchtadh miócairdiach	Taom croí
Buíochán	An galar buí

Ceist 4

(a) Forainmneacha Réamhfhoclacha

(b)

Forainm	Ag	Ar	De	Do	Faoi	Ó	Le
Mé	<i>Agam</i>	<i>Orm</i>	<i>Díom</i>	<i>Dom</i>	<i>Fúm</i>	<i>Uaim</i>	<i>Liom</i>
Tú	<i>Agat</i>	<i>Ort</i>	<i>Díot</i>	<i>Duit</i>	<i>Fút</i>	<i>Uait</i>	<i>Leat</i>
Sé	<i>Aige</i>	<i>Ait</i>	<i>De</i>	<i>Do</i>	<i>Faoi</i>	<i>Uaidh</i>	<i>Leis</i>
Sí	<i>Aici</i>	<i>Uirthi</i>	<i>Di</i>	<i>Di</i>	<i>Fúithi</i>	<i>Uaithi</i>	<i>Léi</i>
Muid	<i>Againn</i>	<i>Orainn</i>	<i>Dínn</i>	<i>Dúinn</i>	<i>Fúinn</i>	<i>Uainn</i>	<i>Linn</i>
Sibh	<i>Agaibh</i>	<i>Oraibh</i>	<i>Díbh</i>	<i>Daoibh</i>	<i>Fúibh</i>	<i>Uaibh</i>	<i>Libh</i>
Siad	<i>Acu</i>	<i>Orthu</i>	<i>Díobh</i>	<i>Dóibh</i>	<i>Fúthu</i>	<i>Uathu</i>	<i>Leo</i>

(c) Is cuma cén pearsa atá ag na foghlaimeoirí a fhad is atá an forainm réamhfhoclach acu.

Bain **díot** do chóta!
Cad is ainm **dí**?
Bíonn eagla **uirthe** i gcónaí.
Ná bí ag magadh **fúm**.
Thaitin an scéal **léi**.
D'éirigh go maith **leis** sna scrúduithe.
Theip **orthu** sa scrúdú tiomána.
Tá trua agam **dóibh**.
Chuir siad **fúthu** san áit sin.
Bhuail sé **leo** ag an siopa.

Ceist 5

- A. Le bheith cinnte nach bhfuil aon doiléire ann idir an t-alt **an** agus an chiall **very** as Béarla.
- B. an-sásta, an-oiriúnach, an-tábhachtach, an-bheag, an-deacair
- C. 'ana-chiúin' – Canúint na Mumhan; 'iontach ciúin' – Canúint Uladh.

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Cuireadh tús inniu le tástálacha réamhchúraim don eitinn ar Inis Oírr Árann. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar go dtángthasⁱ ar an ngalar eitinne ar an oileán. Ach deir muintir an oileáin nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil eitinn ar dhuine ar bith atá ina gcónaí ar Inis Oírr.

Áine Lally

Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha réamhchúraim don ghalar eitinne á dtairiscintⁱⁱ do phobal uilig Inis Oírr. Bhí roinnt d'fhoireann na Feidhmeannachta Seirbhíse Sláinte ar an oileán ó mhaidin agus beidh go ceann roinnt laethanta eile leis na tástálacha a dhéanamh. Daonra de thart ar dhá chéad caoga duine atá ar an oileán agus deir muintir na háite nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil eitinn ar aon duine atá ina gcónaí ar Inis Oírr faoi láthair. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar go dtángthasⁱⁱⁱ ar an ngalar eitinne ar Inis Oírr ach ní raibh siad sásta a rá cé mhéad^{iv} duine a raibh an galar orthu. Deir Stiúrthóir Sláinte Pobail na Feidhmeannachta san Iarthar go ndéantar tástálacha réamhchúraim d'eitinn go minic ar fud na tíre agus nach cás ar leith é seo ar Inis Oírr.

An Dochtúir Diarmuid O'Donovan

Tá daoine á scrúdú againn ar an oileán agus líon beag^v daoine ar an mhórthír ó mhí na Nollag. Caithfidh muid scrúdú a dhéanamh ar gach duine chun a fháil amach an bhfaigheadh duine eile leas as cóir leighis agus ... ar mhaithe lena sláinte féin agus le sláinte daoine eile a chosaint.

Áine Lally

Tugadh cuireadh do mhuintir Inis Oírr freastal ar chruinniú de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anocht. Reáchtálfar an cruinniú sa halla pobail seo taobh thiar dom ag thart ar a hocht a chlog agus beidh an Dochtúir Diarmuid O'Donovan ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i láthair. Bhí cúrsaí an-chiúin ar Inis Oírr inniu agus ba léir nár chuir scéal na dtástálacha isteach nó amach ar na fir seo a tháinig le roinnt bheag^{vi} oibre a dhéanamh.

Par McGrath, cuairteoir as Gaillimh

Níl faitíos orm ar chor ar bith, tá *business* le déanamh agam anseo inniu agus leanann an saol ar aghaidh.

Áine Lally

Níor theastaigh ó mhuintir Inis Oírr labhairt os comhair ceamara inniu ach dúirt go raibh imní orthu go bhféadfadh an clúdach sna meáin ar an ábhar dochar a dhéanamh do chúrsaí turasoíreachta. Áine Lally, Nuacht TG4 Inis Oírr.

ⁱ *gur thángthas* atá sa chaighdeán oifigiúil

ⁱⁱ *á thairiscint* a deirtear

ⁱⁱⁱ *gur thángthas* atá sa chaighdeán oifigiúil

^{iv} *cé méad* a deirtear

^v *líon bheag* a deirtear

^{vi} *roinnt beag* a deirtear